



Preasráiteas
Lucsamburg, 6 Iúil 2022

Ceistíonn na hiniúcháirí an toradh atá ar chur chuige an Aontais maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.

Tugtha isteach in 1991, chuidigh clár LEADER – beartas rannpháirtíochta an Aontais ón mbun aníos le haghaidh forbairt tuaithe – chun rannpháirtíocht áitiúil a éascú. Ach tá an cur chuige a bhaineann leis costasach agus tá a chuid próiseas um fhorbairt mall. Níos mó ná deich mbliana tar éis an chéad iniúchadh a dhéanamh, is é an conclúid atá i dtuarascáil speisialta a d'fhoilsigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) inniu ná gur beag fianaise atá ann a léiríonn gur mó tairbhí LEADER ná na costais agus na rioscaí a bhaineann leis.

Bhain an tAontas úsáid as cur chuige LEADER (forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail) le haghaidh tionscadail i gceantair thuaithe, uirbeacha agus cósta, le suas le €9.2 de mhaoiniú beartaithe i dtréimhse 2014-2020. Tá cur chuige LEADER ceaptha chun buntáiste a bhaint as saineolas agus taithí na bpobal áitiúil chun a riachtanais forbartha a shainiú. Tá grúpaí gníomhaíochta áitiúla ríthábhachtach don phróiseas: rannchuidíonn siad le straitéis forbartha áitiúla a dhearadh agus tá siad freagrach as tionscadail a thionscnamh agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais áitiúla iarbhair. Cé go mbreathnaíonn LEADER mealltach ar pháipéar, tá ceist fós ann an raibh an cur chuige seo tairbheach i gcleachtas.

“Bhí cur chuige LEADER deartha le sprioc inmholta amháin: chun rannpháirtíocht agus cumasú áitiúil a éascú ar mhaithe le ceantair thuaithe an Aontais”, arsa Eva Lindström, an comhalta den Chúirt atá freagrach as an iniúchadh. “Baineann costais agus rioscaí breise leis sin, a d’fhéadfadh údar a bheith leo dá mbeadh tairbhí breise ag baint leis an gcur chuige i gcomparáid le cineálacha eile cláir maoiniúcháin de chuid an Aontais. Ar an drochuair, níor aimsíomar cruthúnas inbhraite gurb amhlaidh atá an cás: d’fhéadfaí an-chuid de na tionscadail ar a bhreathnaíomar a mhaoiniú ar chostas níos ísle le cistí eile de chuid an Aontais.”

Admhaíonn na hiniúcháirí gur iondúil go n-éascaítear rannpháirtíocht áitiúil le LEADER. Ní bhíonn grúpaí gníomhaíochta áitiúla ionadaíoch, áfach, gan ach líon beag ban agus daoine óga i láthair. Tabhaíonn cur chuige rannpháirteach LEADER costais riaracháin agus oibriúcháin arda. Áirítear leo sin gníomhaíochtaí chun an pobal áitiúil a rannpháirtíocht agus chun tacú le hiarratasóirí, agus baineann ceanglais riaracháin bhreise leo i gcomparáid le clár caiteachais príomhshrutha. Dar leis

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

an gCoimisiún, shroich na costais sin iomlán de níos mó ná €1 billiún (i.e. an ceathrú cuid den chaiteachas iomlán) faoi dheireadh 2020. Tá na próisis chun iarratas a dhéanamh agus na próisis formheasta, a d'fhéadfadh suas le hocht gcéim a bheith i gceist leo, fós róchasta agus rómhall, a deir na hiniúcháirí. Mar thoradh air sin, níor íoc na Ballstáit ach as 39 % de na tionscadail, agus níor mhaoinigh Ballstát amháin (an tSlóvaic) oiread is tionscadal amháin.

Ina dtuarascáil, tarraingíonn na hiniúcháirí aird ar an gcaoi a úsáidtear an maoiniú. I roinnt tíortha AE, amhail an Ghearmáin, clúdaíonn LEADER nó airgead d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail tionscadail amhail bóithre sráidbhailte, soilsiú sráide nó naíonraí, ar chúraimí reachtúla iad de ghnáth a bhíonn ar na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha nó bardais tabhairt fúthu. Ina theannta sin, d'fhéadfaí tionscadail a fhaigheann tacaíocht a – mar shampla tarracóirí a cheannach d'fheirmeoirí – spríodhíriú ar bhealach níos fearr le bearta forbartha nach LEADER iad, agus trí chláir caiteachais eile de chuid an Aontais.

Ar an iomlán, is é conclúid na n-iniúcháirí ná gur beag fianaise atá ann a léiríonn go bhfuil údar le costais LEADER mar gheall ar na tairbhí breise a bhaineann leis, i gcomparáid le cineálacha eile maoinithe. Tá an Coimisiún Eorpach i mbun scrúdú a dhéanamh ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus breisluach LEADER. Ní fhoilseofar a mheastóireacht roimh dheireadh na bliana seo chugainn ar a luaithe, áfach. I bhfianaise na gcostas agus na rioscaí breise a bhaineann leis agus an easpa leanúnach de thairbhí inléirithe, iarann iniúcháirí an Aontais go ndéanfaí grinnmheasúnú críochnúil ar LEADER agus ar chur chuige na forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail.

Faisnéis chúlra

I dtréimhse 2014-2020, bhí LEADER ina chuid éigeantach de gach clár forbartha tuaithe. Ón bpointe sin, chuir reachtaíocht an Aontais ceangal ar Bhallstáit AE, ach amháin an Chróit, 5 % ar a laghad dá gcistiú d'fhorbairt tuaithe a chaitheamh ar LEADER.

Tá Tuarascáil speisialta Uimh. 10/2022: “Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise”, ar fáil anois ar shuíomh gréasáin CIE (eca.europa.eu)

Déantar obair leantach san iniúchadh seo freisin ar an tuarascáil speisialta roimhe seo, “[Cur chun feidhme cur chuige LEADER le haighidh forbairt tuaithe](#)” a foilsíodh in 2010.

Cuireann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha i bhfeidhm.

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu - T: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - T: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - T: (+352) 691 553 547